2023/2269

9.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 126/2023

an 28 Aibreán 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2269]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1874 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2021 lena gceartaítear leagan Gearmáinise Rialachán (AE) 2018/395 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh oibriú balún agus le haghaidh ceadúnú na bhfoirne eitilte le haghaidh balún, agus leagan Gearmáinise Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1976 lena leagtar síos rialacha mionsonracha le haghaidh oibriú seoleitleán agus le haghaidh ceadúnú na bhfoirne eitilte le haghaidh seoleitleán ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66nk (Rialachán (AE) 2018/395 ón gCoimisiún) agus i bpointe 66zba (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1976 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32021 R 1874**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1874 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 378, 26.10.2021, lch. 4).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1874 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 115/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 378, 26.10.2021, lch. 4.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L, 2023/2264, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2264/oj